snasTV NUACHT TG4

# Asarlaí Oz

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin gceoldráma Meiriceánach 'Asarlaí Oz' (*The Wizard of Oz*), atá á chur ar stáitse ag Coláiste na Coiribe. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| ceoldráma<br>asarlaí<br>cuir ar stáitse | *auditions*<br>*produced*<br>*ready* |

1. Féach ar réamhbhlaiseadh den scannán *The Wizard of Oz* anseo agus freagair na ceisteanna:

    Cad é plota an cheoldráma?

    Cé air a bhfuil an ceoldráma sin dírithe?

    An dtaitníonn an ceoldráma sin leat?

2. An dtaitníonn ceoldrámaí leat go ginearálta? Cén fáth?
3. An raibh ceoldráma riamh ar siúl i do scoil féin?
4. Ar mhaith leat féin a bheith páirteach i gceoldráma na scoile? Cén fáth?



# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. léirithe | a. *from far and wide* |
| 2. complachtaí drámaíochta | b. *alive and kicking* |
| 3. ó chian agus ó chóngar | c. *not quite* |
| 4. ní baileach | d. *ready* |
| 5. tá dea-chosúlacht (orthu) | e. *with regard to play-acting* |
| 6. plaic | f. *theatre companies, groups* |
| 7. faoi réir | g. *the auditions* |
| 8. na héisteachtaí | h. *a bite* |
| 9. an-díograiseach | i. *produced* |
| 10. ó thaobh na stáitsíochta de | j. *many a student* |
| 11. is iomaí dalta | k. *very diligent* |
| 12. beo beathach | l. *(they) look good* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cén bhliain scoile a bhíonn daltaí san idirbhliain? ________________________________

3. Cuir na focail thíos in ord chun *Shame on you* a chumadh i nGaeilge:

| | |
|---|---|
| (náire) (mór) (thú) (an) (is) | |

4. Má chiallaíonn ‘faitíos’ *fear* agus ‘dua’ *effort,* cad is brí leis na frásaí seo a deir Séamus Ó Scanláin sa mhír?

| | |
|---|---|
| Tagann faitíos le ciall. | |
| Tagann taispeántas le dua. | |

5. Cad is brí leis na focail thíos?

| | |
|---|---|
| nóta sonais | |
| nóta dóchais | |

6. Ciallaíonn an frása ‘m’anam’ *gee* nó *wow* sa chaint nádúrtha, ach an dtuigeann tú an chiall litriúil atá aige? ________________________________

# C: TUISCINT

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar an mír den chéad uair. Roghnaígí **fíor**, **bréagach** nó **ní deirtear**. Cuirigí tic ✔ sa bhosca ceart.

| Ráitis | Fíor | Bréagach | Ní deirtear |
|---|---|---|---|
| a) Tá an ceoldráma *The Wizard of Oz* á léiriú ar fud an domhain le blianta. | | | |
| b) Beidh ceoldráma á chur ar stáitse ag Gaelcholáiste i nGaillimh i gceann cúpla seachtain. | | | |
| c) Beidh daltaí na hidirbhliana sa cheoldráma *Fame*. | | | |
| d) Ní thaitníonn *The Wizard of Oz* leis na daltaí. | | | |
| e) Tá na daltaí ag cleachtadh le breis agus bliain anois. | | | |
| f) Seo an chéad uair do Choláiste na Coiribe ceoldráma a chur ar stáitse. | | | |
| g) Léirítear a lán mothúcháin dhifriúla i gceoldrámaí. | | | |
| h) Beidh an ceoldráma ar siúl sa Dubhlann ar feadh coicíse ón Máirt seo chugainn. | | | |

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR (1) chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá an ceoldráma aitheanta, *The Wizard of Oz*, _______________ ag complachtaí drámaíochta éagsúla ar stáitse thar na blianta.
- Cuireann a lán _______________ an ceoldráma sin ar stáitse.
- Tá traidisiún fada i gColáiste na Coiribe _______________.
- Dúirt an Leon Cladhartha nár bhain sé _______ as Toto, madra Dorothy.
- Beidh daltaí na hidirbhliana _______________ ar stáitse sa Dubhlann go luath.
- Tá *The Wizard of Oz* á léiriú ag grúpaí drámaíochta _______________ le fada.
- Tá na daltaí ag obair go h_______________ ó cuireadh tús leis _______________ i mí Lúnasa le bheith _______________ le dul ar stáitse.
- _______________ ó Choláiste na Coiribe a bhaineann clú agus cáil amach sa drámaíocht.
- Tá na daltaí seo ar nós na bpaistí ó *Fame*, bhuel, _______________.
- B'fhéidir nach iad na paistí ó *Fame* iad ach _______________ ar na daltaí seo ón idirbhliain, mar sin féin.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1. Cruinneas gramadaí (An aimsir láithreach – briathra rialta)

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí amach na briathra – i ngach pearsa san aimsir láithreach – sa tábla thíos. Leanaigí an sampla.

| **measc** | **cuir** | **dún** | **aimsigh** | **bunaigh** |
|---|---|---|---|---|
| meascaim<br>meascann tú<br>meascann sé / sí<br><br>meascaimid<br>meascann sibh<br>meascann siad<br><br>an meascann sé?<br>ní mheascann<br><br>SAORBHRIATHAR<br>meascair | | | | |

## 2. Cruinneas gramadaí (An aimsir láithreach – briathra mírialta)

1. Líonaigí na bearnaí sa tábla thíos agus ansin cuirigí ceisteanna ar a chéile faoi na rudaí a dhéanann sibh gach lá.

| **Briathar** | **Ceist** | **Freagra Dearfach** | **Freagra Diúltach** |
|---|---|---|---|
| Abair | An ndeir tú …? | | Ní deir. |
| Beir | An mbeireann sí …? | Beireann. | |
| Bí | | Bíonn. | Ní bhíonn. |
| Clois | | Cloiseann. | Ní chloiseann. |
| Déan | An ndéanann sí …? | | Ní dhéanann. |
| Faigh | An bhfaigheann muid …? | | Ní fhaigheann. |
| Feic | An bhfeiceann siad …? | Feiceann. | |
| Ith | An itheann sibh …? | Itheann. | |
| Tabhair | | Tugann. | Ní thugann. |
| Tar | An dtagann sé …? | | Ní thagann. |
| Téigh | An dtéann sibh …? | Téann. | |

2. Pléigí an difríocht idir 'táim anseo anois' agus 'bím anseo gach lá'. Cumaigí cúpla abairt eile le chéile anois a chuireann an difríocht sin in iúl.

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Beidh sibh ag cur an bhean óg a bhfuil ról Dorothy aici faoi agallamh ar ball. Bainigí úsáid as na focail ar chlé chun na ceisteanna a chuirfidh sibh uirthi a chumadh. Beidh an chuid is mó de na ceisteanna san aimsir láithreach.

| Cúpla focal | Ceisteanna |
|---|---|
| taitin, aisteoireacht | 1. An dtaitníonn an aisteoireacht leat? |
| ceap, faoin gceoldráma seo | 2. |
| déan, mórán cleachtaidh | 3. |
| teaghlach mór ceoil | 4. |
| bí, neirbhíseach | 5. |
| bí, tuirseach | 6. |
| bí, faoi bhrú, obair bhaile | 7. |
| an rud is deacra | 8. |
| an rud is fearr | 9. |
| déan, tar éis na scoile | 10. |

**Rólghníomhaíocht**

Ligigí oraibh féin gur iriseoir de chuid TG4 duine amháin agaibh agus gurb í an t-aisteoir óg a bhfuil ról Dorothy aici an duine eile. Glacaigí sealanna agallamh a chur ar a chéile. Bainigí úsáid as na ceisteanna thuas, ar ndóigh.



## 2: Scríobh

Scríobh alt beathaisnéise gearr d'iris na scoile faoin aisteoir óg a bhfuil ról Dorothy aici.

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Anois, le breis agus céad bliain, tá an ceoldráma aitheanta, *The Wizard of Oz*, léirithe ar stáitse ag complachtaí agus grúpaí drámaíochta ó chian agus ó chóngar. Tá daltaí as Gaelcholáiste i gCathair na Gaillimhe ag tabhairt faoin gcúram an tseachtain seo chugainn agus seachtainí fada caite acu á réiteach don ócáid.

**Séamus Ó Scanláin**
*The kids from 'Fame'.* Bhuel, ní baileach, ach m'anam go bhfuil dea-chosúlacht uilig[1] ar an ngrúpa daltaí idirbhliana seo ó Choláiste na Coiribe i nGaillimh.

"Is mór an náire thú."
"Cén fáth go ndearna tú é sin? Níor bhain mé plaic as."

An cleachtadh seo ar fad le go mbeidh na daltaí faoi réir le dul ar stáitse an tseachtain seo chugainn le ceann de na ceoldrámaí clasaiceacha.

Tagann faitíos le ciall. Agus tagann taispeántas le dua.

**Alma Ní Choileáin, Léiritheoir**
Déanann siad na héisteachtaí ag deireadh bhliain a trí uaireanta agus bíonn muid ag plé leis ó mhí Mheán Fómhair, deireadh mhí Lúnasa ar aghaidh anois agus bíonn muid á dhéanamh i rith ranganna uaireanta agus tar éis na scoile freisin. Tá siad an-díograiseach ar fad.

**Séamus Ó Scanláin**
Tá traidisiún fada i gColáiste na Coiribe ó thaobh na stáitsíochta de. Agus is iomaí dalta dá chuid a rinne a ainm dóibh féin san earnáil ina dhiaidh sin. Agus tá ceoldrámaí gar don chroí ansin.

**Deirbhile Ní Bhrolcháin, Múinteoir Ceoil**
Bíonn spraoi iontu agus bíonn meascán, uaireanta bíonn, *you know,* dráma ina thragóid nó ina, *you know, comedy* nó scéal grinn nó pé rud é. Ach na ceoldrámaí, meascann siad a lán de na rudaí sin le chéile ionas go mbíonn, *you know,* beagán den olc. Ach is i gcónaí go mbíonn nóta sonais agus nóta dóchais ann mar a bhíonn san *Wizard of Oz*; agus nuair a fhaigheann siad ar fad cineál muiníne ag an deireadh. Is minic go mbíonn an mothú sin ina lán de na ceoldrámaí.

**Séamus Ó Scanláin**
Agus cá bhfios cén áit a bhfeicfear *na stars* óga seo arís amach anseo? Ach is cinnte go mbeidh siad beo beathach sa Dubhlann ón Máirt seo chugainn ar aghaidh.

Séamus Ó Scanláin, Nuacht TG4.

---

[1] uilig = leagan canúnach de 'gach uile'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| léirithe | *produced* |
| complachtaí drámaíochta | *theatre companies, groups* |
| ó chian agus ó chóngar | *from far and wide* |
| ní baileach | *not quite* |
| tá dea-chosúlacht (orthu) | *(they) look good* |
| plaic | *a bite* |
| faoi réir | *ready* |
| na héisteachtaí | *the auditions* |
| an-díograiseach | *very diligent* |
| ó thaobh na stáitsíochta de | *with regard to play-acting* |
| is iomaí dalta | *many a student* |
| beo beathach | *alive and kicking* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| i | f | a | c | l | h | d | g | k | e | j | b |

2. Sa cheathrú bliain.
3. Is mór an náire thú.
4. Freagraí:

| | |
|---|---|
| Tagann faitíos le ciall. | *Fear comes with sense.* |
| Tagann taispeántas le dua. | *A good performance comes with hard work.* |

5. Cad is brí leis na focail thíos?

| | |
|---|---|
| nóta sonais | *a note of happiness* |
| nóta dóchais | *a note of hope* |

6. *My soul.*

## C: TUISCINT

1. Freagraí:
   a) Fíor.
   b) Bréagach. Beidh sé á chur ar stáitse an tseachtain seo chugainn.
   c) Bréagach. Canann siad chomh maith leis an páistí in *Fame* ach beidh siad sa cheoldráma The *Wizard of Oz*.
   d) Ní deirtear.
   e) Fíor.
   f) Bréagach. Tá traidisiún fada acu ó thaobh na stáitsíochta de.
   g) Fíor.
   h) Ní deirtear cé chomh fada is a bheidh sé ar siúl sa Dubhlann.

2. Freagraí:
   - Tá an ceoldráma aitheanta, *The Wizard of Oz*, **léirithe** ag complachtaí drámaíochta éagsúla ar stáitse thar na blianta.
   - Cuireann a lán **complachtaí drámaíochta** an ceoldráma sin ar stáitse.
   - Tá traidisiún fada i gColáiste na Coiribe **ó thaobh na stáitsíochta de**.
   - Dúirt an Leon Cladhartha nár bhain sé **plaic** as Toto, madra Dorothy.
   - Beidh daltaí na hidirbhliana **beo beathach** ar stáitse sa Dubhlann go luath.
   - Tá *The Wizard of Oz* á léiriú ag grúpaí drámaíochta **ó chian agus ó chóngar** le fada.
   - Tá na daltaí ag obair go h**an-díograiseach** ó cuireadh tús leis **na héisteachtaí** i mí Lúnasa le bheith **faoi réir** le dul ar stáitse.
   - **Is iomaí dalta** ó Choláiste na Coiribe a bhaineann clú agus cáil amach sa drámaíocht.
   - Tá na daltaí seo ar nós na bpaistí ó *Fame*, bhuel, **ní baileach**.
   - B'fhéidir nach iad na paistí ó *Fame* iad ach **tá dea-chosúlacht** ar na daltaí seo ón idirbhliain, mar sin féin.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1. Cruinneas gramadaí (An aimsir láithreach – na briathra rialta)

Freagraí:

| **measc** | **cuir** | **dún** | **aimsigh** | **bunaigh** |
|---|---|---|---|---|
| meascaim | cuirim | dúnaim | aimsím | bunaím |
| meascann tú | cuireann tú | dúnann tú | aimsíonn tú | bunaíonn tú |
| meascann sé / sí | cuireann sé / sí | dúnann sé / sí | aimsíonn sé / sí | bunaíonn sé / sí |
| meascaimid | cuirimid | dúnaimid | aimsímid | bunaímid |
| meascann sibh | cuireann sibh | dúnann sibh | aimsíonn sibh | bunaíonn sibh |
| meascann siad | cuireann siad | dúnann siad | aimsíonn siad | bunaíonn siad |
| | | | | |
| an meascann sé? | an gcuireann tú? | an ndúnann siad? | an aimsím? | an mbunaíonn sí? |
| ní mheascann | ní chuireann | ní dhúnann | ní aimsím | ní bhunaíonn |
| | | | | |
| **saorbhriathar** | **saorbhriathar** | **saorbhriathar** | **saorbhriathar** | **saorbhriathar** |
| meascter | cuirtear | dúntar | aimsítear | bunaítear |

## 2. Cruinneas gramadaí (An aimsir láithreach – na briathra mírialta)

1. Freagraí:

| Briathar | Ceist | Freagra Dearfach | Freagra Diúltach |
|---|---|---|---|
| Abair | An ndeir tú …? | Deir. | Ní deir. |
| Beir | An mbeireann sí …? | Beireann. | Ní bheireann. |
| Bí | An mbíonn tú …? | Bíonn. | Ní bhíonn. |
| Clois | An gcloiseann sé …? | Cloiseann. | Ní chloiseann. |
| Déan | An ndéanann sí …? | Déanann. | Ní dhéanann. |
| Faigh | An bhfaigheann muid …? | Faigheann. | Ní fhaigheann. |
| Feic | An bhfeiceann siad …? | Feiceann. | Ní fheiceann. |
| Ith | An itheann sibh …? | Itheann. | Ní itheann. |
| Tabhair | An dtugann tú …? | Tugann. | Ní thugann. |
| Tar | An dtagann sé …? | Tagann. | Ní thagann. |
| Téigh | An dtéann sibh …? | Téann. | Ní théann. |

2. 'Táim anseo anois' = an aimsir láithreach. 'Bím anseo gach lá' = an aimsir ghnáthláithreach; bíonn tú anseo go rialta. Is ionann foirm na haimsire láithrí agus foirm na haimsire gnáthláithrí ag na briathra ar fad eile seachas an briathar 'bí'. Tabhair deis dóibh cúpla abairt eile a chumadh a chuireann an difríocht sin in iúl.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do gach beirt na ceisteanna a chumadh. Mar shampla:

| Cúpla focal | Ceisteanna |
|---|---|
| taitin, aisteoireacht | 1. An dtaitníonn an aisteoireacht leat? |
| ceap, faoin gceoldráma seo | 2. Cad a cheapann tú faoin gceoldráma seo? |
| déan, mórán cleachtaidh | 3. An ndéanann sibh mórán cleachtaidh? |
| teaghlach mór ceoil | 4. An as teaghlach mór ceoil thú? |
| bí, neirbhíseach | 5. An mbíonn tú neirbhíseach ar stáitse? |
| bí, tuirseach | 6. An mbíonn tú tuirseach tar éis an tseó? |
| bí, faoi bhrú, obair bhaile | 7. An mbíonn tú faoi bhrú obair bhaile agus cleachtadh a dhéanamh ag an am céanna? |
| an rud is deacra | 8. Cad é an rud is deacra faoin aisteoireacht? |
| an rud is fearr | 9. Cad é an rud is fearr faoin aisteoireacht? |
| déan, tar éis na scoile | 10. Cad a dhéanfaidh tú tar éis na scoile? |

**Rólghníomhaíocht:**

Iarr ar gach beirt an rólghníomhaíocht a dhéanamh – is é sin an t-iriseoir ó TG4 ag cur agallamh ar an aisteoir a bhfuil ról Dorothy aici.. Abair leo róil a mhalartú. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo agus ag cuidiú leo.

### 2: Scríobh
Caithfidh na foghlaimeoirí alt beathaisnéise gearr a scríobh faoin aisteoir a bhfuil ról Dorothy aici.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?
Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Ollscoil Mhá Nuad, Ollscoil na hÉireann Má Nuad | Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc & Tástáil | Foghlaim TG4 | An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media | An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta